Gaoṫ Doḃair

Tá práinn mór le graiṫe an uisce i nGaoṫ Doḃair anois agus tá airc uisce ar ṁuinntir na dtiṫe ins na bailte fearann Cnoc a' Stolaire, agus Mín Duḃ, agus Maċaire Loisce. Tá na daoine tuirseaċ, ag iarraiḋ, agus ag déanaṁ aċaine ar na h-údarais le blianta fada, fá ċoinne córas uisce poiblí. Le linn an tsaṁraiḋ. bíonn ar luċt na dtiṫe an t-uisce a ṫarraingt píosa mór fada ,ní hé aṁáin fá ċoinne lóistéirí, aċ fá ċoinne ċoinne olistéirí, aċ fá ċoinne eallaċ ċoṁ maiṫ.

Nuair a ṫáinig an aimsir crua taréis na Nollag, agus bárr na sléibte tré sneaċta, agus an tEargall agus na sléibte eile clúdaiṫe le sneaċta. ṫáinig na carrṡiaḋa anuas fán ísleaċt, ⁊ tá siad ag déanaṁ scrios i gceantar Tor. Tá na feirmeoirí ansin ag iarraiḋ na cruaċa coirce a ċosaint orṫa. Ḃí an sneaċta trom go maiṫ ṫuas fá Ḋúnluaiṫe agus Loċ Caol, agus aċ gurb é go raiḃ na caoirí aḃus ar an ísleaċt, tá seans go gcaill -fí cuid acu.

Agus a ḋalta sin, ag caint ar ċaoiriġ. tá cuid de na daoine anseo. naċ ḃfuil sásta olainn a ḋíol ar na luaċa atá ḋá ṫairiscint air san am i láṫair. Ḃí cúpla ceannaí olla ag dul ṫart fá na bailte anseo, aċ ḃí na luaċa a ḃí siad a ṫaḃairt ró íseal, agus níor díolaḋ olainn ar biṫ leo.

Tá scaoṫ mór ealaí ina luí fá loċa Ḋún Luaiṫe na laeṫa seo. Ṫáinig siad anuas nuair a ṫáinig an fuaċt agus táṫar ag cur suim mór ionta. Is deas an ċuma atá orṫa ina luí fá ċladaí an loċa.

Cúis an mór bróin ad'fág néall ós cionn na paráiste uiliġ, scéala a ṫáinig fá Nollaig ansin, gur marḃaíoḋ Liam Ó Duiḃir. in aois a 19. as Loinneaċ, Doire Beaga, i dtaisme cárr, i Londain. Tugaḋ a ċorp aḃaile, agus ċuaiġ an tórraṁ go dtí reilig Ṁaċaire Gálainn.

Nuaíoċt as na Dúnaiḃ

Ḃí scuaine ṫrí ḋosaen de ṫurcaiṫe ġeala ag Paici Ó Blaenaí as Ros na Cille, uncail den Aire Rialtais Áitiúil, i gcóir na Nollaig—agus deirtear gurb é a raiḃ an bárr bua aige ar margaḋ an éanlaiṫ. Ḃí na cearca ar meán-meáċán 20 punt an ceann agus na coiliġ fá 25 punt —éan aṁáin acu a raiḃ 29¾ punt de ṫrom ann!

Sé Seó Aindí Niúaí Ó Gallċoḃair as an Duṁaí an ċéad ḟear insan taoiḃ seo den ċontae, a ḃfuil an gléas leictreaċ. de ṫéaṁ-lárnaċ curṫa isteaċ aige insan tsiopa agus insan teaċ cónaiṫe. De ṫairbe go ḃfuil meaṫ le feiceáil gaċ aon ḃliain ar acṁainní imḃainte na móna de ṫoraḋ gantanais. portaiġ, b'ḟéidir gur fiú uiliġ é an leaṫ-ṁíle punt a ċosnaíonn sé leis an córas seo a ċur isteaċ. Ní fada uainn bánú na mbaċtaí — agus ċá bíonn fágṫa aċ na leacaċa geal ar ġualainn an tsléiḃe.

Coṁġáirdeas le Miċeál Seán Ṁac Eiteogain as Gleann na Rí, iar-stiúrṫóir gnóṫa ar ḟoirinn-oibre Ċoṁairle Contae Ḋún na nGall agus é i gceann na gceiṫre scór agus cúig bliana: go ḃfuil an ṁír-ṁullaiġ ḃainte amaċ aige, do ḟear dá aois, nuair a ḃain sé Raṫ Ḃoṫ amaċ ar a ṡean-roṫar—baile atá os cionn deiċ míle 'gus fiċe ó seo—agus ṫáinig arais aḃaile lá arna ṁáraċ ar an ġléas-iompair céanna.

Dé Ceadaoin s' ċuaiġ ṫart a pósaḋ Dan Ṁáire Ṁac Laiḟeartaiġ as an Ṁaċaire Ḃeag, treaḃdóir ċoṁ clúiteaċ 'gus tá insan paróiste. pósaḋ é ar Ḃríd Ní Ḋutaiġ, as Baile an tSléiḃe, in Eaglais Naoṁ Eoin Baiste i gCarraig Airt. Ba é a ċolceaṫar féin a léiġ Aifreann an Pósta, an Sag. Miċeál Mac Laiḟeartaiġ as Doire a' Ċasáin, atá i seirḃís Dé i Londain, Ṡasana i láṫair na huaire. Ba í Síle Bean Ṁic Laiḟeartaiġ a ḃí leis an ḃríḋeóiġ mar ṁátrún-onóra agus Simí Neo Ruairí Ó Gallċoḃair as an Ṁuirleóiġ a ṡeas ag an altóir leis an ḟear a pósaḋ. Ṫuas ar an Ġleann, in Óstán na Sionnaċ. a ḃí bricfeasta an pósta acu agus os cionn trí scór go leiṫ dá gcáirde agus dá ngaolta sa láṫair ann. Tá mí-na-meala á ċaiṫeaṁ ag an lánúin nua-pósta i gcoṁarsanaċt Ḃaile Áṫa Cliaṫ.

Gleann Colmcille

San aṁras. tá Gleann Ċolmcille, cuid maiṫ san nuaíoċt le deireannaí. Rinneaḋ ḋá ċlár spéisiúil go maiṫ ar Telefís faoi Ġleann Ċolmcille, agus an monarca ag Mín an Aoḃaire. agus ḃí siad fearáilte coṫrom go maiṫ. Táispeáineaḋ ċoṁ h-olc agus a ḃí an áit, agus an droċ ḋóiġ a ḃí ar na daoine, agus an t-aṫrú a ṫáinig leis an obair mór a ċuir an Sagart Mac Duiḃir ,isteaċ in gnó na nglasraí ⁊ an ṁonarca.

Ansin, ṫug Céití Iolscoile, as Reading, sa Ḃreatain Ṁór, cuairt ar Ġleann Ċolmcille, ar feaḋ trí seaċtaini le staidéar a ḋéanaṁ ar an ḟorbairt ansin. Jean Tattersal, as Conway. An Ḃreatain Ḃeag, ab ea í. Ḃí sí ag stopaḋ ag an Corner House, i gCaiseal, áit a ḃí mar ceann áras aici agus í ag dul fríd Ġleann Ċolmcille. Fuair sí eolas ar an áit ar tús. ó Dr. Curtis, a casaḋ uirṫi in Birmingham agus ina ḋiaiḋ sin. bíoḋ sí ag scríoḃaḋ ċuig an Aṫair Mac Duiḃir, S.C., Caṫaoirleaċ Córas an Eargail. Rinne sí staidéar an leaṫan doṁain ar an ċeantar, agus ċuile rud faoi. Tá céim insan eolaíoċt talṁaíoċt aici, ó Iolscoil Reading in 1AOS le Oscrord... Tá sí feilméaraċt agus b'ḟéidir. feilméaraċt caoraċ go speisialta. Ḃí sí ana ṡásta leis an ċuairt ar Ġleann Ċolmcille.

Cé go raiḃ an aimsir go h-olc i nGleann Ċolmcille idir ḋá lá Nollag, agus le linn na bliana úire, mar sin féin, ḃí ceiliúraḋ ann ag meán-oíċe, oíċe na bliana Úire. agus cuireaḋ cloiġ an tSéipéil i gCaiseal. ag bualeaḋ ar uair an ṁeán-oíċe.

Ḃí díospóireaċt Béarla i halla Ṁuire, Caiseal, Gleann-colmcille, seaċtain na Nollag, ar an ábar. gur ċeart deireaḋ a ċur leis na páirtiṫe poiliticiúla agus Rialtas Náisiúnta a ḃeiṫ ann. Ar son an rúin. labair Eiḃlín Nic Giolla Easpaig, O.S., Málainn Ḃeag, An Sáirsint D. Ó Gallċoḃair, Aoḋ Ó Foglú. B. Agr.Sc.. Bainisteoir Córas an Eargail, Máire Ní Ċuinneagáin ⁊ Bríd C. Nic Fionnlaoiċ, B.Comm. I gcoinniḃ an rúin labair Máire Ní Ċanainn, M. Ní Ċoileáin. O.S, Caitlín Nic Giolla Easpaig. Seán Mac Suiḃir, Bainisteoir Óstan Gleann Ḃáiġ agus Caṫal Ó Liaṫáin. Ḃí an tAṫair Séamas Mac Duiḃir, S.C., i gceannas. Antoine Ó Beirn. O.S., a ḃí mar maor ar an tcoiste a ċur breiṫ

Iorras

Cúis ṁór bróin sa ċeantar an scéala a ṫáinig ó Ṡasain go ḃfuil Pádraic Ó Mórain. as Béal an Ṁuirṫid, taréis báis. Ḃí sé timpeall caoga bliain d'aois, ⁊ fágann sé bean agus duine aṁáin clainne ina ḋiaiḋ. Coṁ maiṫ lena aṫair, agus lena ḋeirfiúra, Máire Ní Ṁóráin, Bean B. Ní Scannláin, agus Bean Ṁiċíl Ṁic Aindriú. Oiḃrí ab ea Pádraic Ó Móráin ,agus marḃaíoḋ é nuair a ṫiṫ trucaill isteaċ i dtrinse. Ní raiḃ sé aċ cúpla seaċtaine taréis dul arais go Sasain, inḋiaiḋ saoire a ċaiṫ sé sa baile. Go gearr sula dtáinig scéala a báis, ḃí a ġaolta taréis cárta Nollag a ḟáil uaiḋ. Níṫear coṁḃrón lena ġaolta insan ċeantar.

Ar saoire in Iorras faoi láṫáir, tá Miċeál Howard agus a ḃean as Muing Mór, Gaoṫ Sáile. Mac isea Miċeál do L. Howard agus a ḃean. Gaoṫ Sáile, agus iníon isea a ḃean de Ṗádraic ⁊ Bean Ṁic Guiḃir. Faloċ, Bárr na Trá. Ṫug an tUasal Howard suas post ina na Gárda Síoċána in 1957, le dul go dtí na Stáit Aontaiṫe, agus beiḋ sé ag dul ar ais go San Francisco i ndeireaḋ mí Feaḃra. Tá sé na Uaċtarán ar Ċumann Lúṫ-Ċleas Gael i San Francisco, agus maoiḋeann sé go mbeiḋ San Francisco ábalta Nua Eabraċ a ḃualeaḋ insan peil. Tá sé foirne peile agus ḋá foireann iomanaíoċt i San Francisco. Is foireann an láidir foireann Ċonaċt amuiġ ansin. Tá Miċeál agus Proinnsias Caiḟeartaiġ as Baile Cruaiḋe ag imirt ar an ḟoireann, ċoṁ maiṫ le Miċeál Mac Diarmada as Tuar Ṁic Éada. Ḟad agus ḃí sé ins na Gárdaí bíoḋ an tUasal Mac Diarmada. ag tiomáint Oiliḃéar Ó Flanagain, nuair a ḃí sé na Rúnaí Pairliminte don Aire Talṁaíoċta agus an Seanadóir P. Ó Loinsiġ nuair a ḃí sé ina Aire Gaeltaċta.

Coṁġáirdeaċas le Caitlín Nic Giolla Ruaiḋe , iníon do Ṁiċeál Mac Giolla Ruaiḋe, Co.C., agus Bean Ṁic Giolla Ruaiḋe, Cuan Móḋ, atá ceapaiṫe i nGaillim. Ḃí sí ar obair i Crois Uí Ṁaoilḟíona sular ġlac sí an post nua i nGaillim.

Ḃí áṫas ar a ċáirde Seosaṁ Breaṫnaċ, peileadóir condae, a ḟeiceáil arais ar laeṫa saoire i mBéal an Ṁuirṫid, ag Nollaig.

Coṁġáirdeaċas le Proinnsias Conmaiġ, Corcloċ, Béal an Ṁuirṫid, atá ceapaiṫe ina múinteoir i scoil Ceaṫrú Ṫaiḋg. Is iar-scolaire é do Ċloċar na Trócaire, Béal an Ṁuirṫid.

Agus coṁġáirdeaċas le Dermot Iarḃuin, Béal an Ṁuirṫid, ar na ceapaḋ mar bainisteoir ag Muinntir Massey Ferguson, i Baile Áṫa Cliaṫ. Iar-scoláire do ġairmscoil Béal an Ṁuirṫid é.

Monarca Nua

Tá dream beag Éireannaċ ar lorg ionad monarcan i nGaillim. Tá spás urláir 11,000 troiġ cearnaċ, ag teastáil uaṫa. le monarcan beag a ḃunú. Deirtear go mbeiḋ idir 20 agus 30 fear ag obair ann.

Ag Bárdas na Gaillime, oíċe Luain ,rinneaḋ aċaine, ar ḋuine ar biṫ a raiḃ foirgneaṁ dá leiṫéid aige, scéala a ċur ċuig an Ḃárdas.

An tUasal M. Duiḃeallaiġ a ṫarraing anuas an gnó, agus dúirt sé gur h-iarraḋ air é ċur faoi bráid an Ḃárdais.

Dúirt an Seanóir P. D. Ó Riain go raiḃ eolas ag an Coiste Tráċtála fá ḟoirgneaṁ dá leiṫéid.

Dúirt Fiontán Ó Cuagáin. T.D. go raiḃ duine áiṫrid insan ċaṫair le déanaí ag cuartú a leiṫéid do ḟoirgneaṁ agus dá dtig le duine ar biṫ cabrú, ba ċeart dóiḃ scéal do ċur ċuig an Ḃár-

An Cloċán Liaṫ

Ḃí an ċéad dinnéar bliantúil de Ċumann na Rosann, de na múinteoirí, i dTeaċ Ósta Ṁic Suiḃne, An Cloċán Liaṫ. Séamas S. Ó Doṁnaill. O.S., Caṫaoirleaċ na Craoiḃe, a ċur fáilte roiṁ luċt an dinnéar. agus dúirt sé go raiḃ áṫas orṫa cruinniú ċoṁ ionadaċ a ḟeiceáil le daoine ó áiteaċa ċoṁ fada ar ṡiúl le Lifear, Gaoṫ Doḃair agus Portnua. Ṫug sé buíoċas do luċt an tí ósta as ċoṁ maiṫ agus rinne siad na socraiṫe. Dúirt Aoḋ Ó Doṁnaill, O.S., Ceann Caslaċ. a ḃí taréis dul ar ṗinsean i gcaiṫeaṁ na bliana, go ndeaċa sé isteaċ i gCumann na Múinteoirí 44 bliain ó ṡin. agus gur ṁaiṫ leis molaḋ a ṫaḃairt don obair ṁóir a rinne an Cumann ar son na múinteoirí ar feaḋ an ama sin. Leo Ó Braonáin a ḃí i mbun an ċeoil, agus mar maor, ag an oíċe caidriṁ ina ḋiaiḋ. Ar ḋaoine eile a ġlac páirt insan ċlár ḃí M. agus Bean Uí Réid; Pádraic Ó Doṁnaill; Stan Young; Tomás Mac Maṫúna; Pádraic S. Ó Doṁnaill; Bean D. Ṁic Suiḃne agus Aingeal Nic Suiḃne.

Nuair a ḃí sé ag tiomáint tarraicaire ar an tráiġ ar an Ṁaċaire, fuair Muiris Mac an Ḃáird, as Ardán Naoṁ Peadar, An Cloċán Liaṫ, ceg an deas, déanta de aḋmad daraċ. agus maisiṫe go h-álainn. Is cosúil go dtáinig an ceg ó long éigin insan Atlantaċ.

Ag daṁsa in halla Maraċ Maoláin, ḃain Concuḃar Ó Cnáiṁsí, Baile an Ṁuilinn, agus Pádraicín Ní Cnáiṁsí, Cnocaċ Mór, An Cloċán Liaṫ, an ċéad duais i gcomórtas na sean-daṁsa, agus ḃí Sorċa Ní Ġallċoḃair agus Áine Nic Aṁlaiġ. S.R.N., ó'n Ċloċán Liaṫ, insan dara h-áit.

Bás Donaí Maher

Is beag duine i gceantar Iorrais ,naċ raiḃ aiṫne acu ar Dónaí Maher agus beiḋ ċuile ḋuine riaṁ insan gceantar seo ana ḃuarṫa go ḃfuil an bás taréis teaċt air. Ba as Co. na Gaillime é, aċ tá sé ós cionn leaṫ - ċéad bliain ina ċónaí in Iorras. D'éag sé ag na tiġ ċónaí féin, Sráid an Ċé, Béal an Ṁuirṫid. tá seaċtain ó ṡin. Diallaitóir ab ea é, agus ḃí ardṁeas air fríd an ċeantair seo agus ċuile ḋuine go maiṫ de. Tá an dara sraiṫ ugaṁ capall, a rinne sé taréis teaċt go dtí an ceantar seo, le feiscint fós ag tiġ cónaí Dónal Ó Murċú. Fód Duḃ. Ċuaiġ soċraid mór leis go dtí reilig Gleann Ċaisteán.

Uiḃ Raṫaċ

An ċéad monarca nua i mbliana, is dóċa. an ceann ag Corrán Bán, lasmuiġ de Caṫair Saiḋḃín. Dé Luain. an 4ú lá do Eanair, a fosclaíoḋ an monarca seo, le muinntir Kreissig. An lá san. ṫáinig an 15 cailíní, atá taréis bliain a ċaiṫeaṁ ag foġlaim na ceirde ag Frankfurt. sa nGearmáin, áit a ḃfuil príoṁ ṁonarca Muinntir Kreissig; ṫáinig siad le céile ag Corrán Bán, agus cuireaḋ an innealltra ar obair insan ṁonarca nua, cniotála.

Cúis bróin insan gceantar ⁊ tríd Uiḃ Ráṫaċ ar fad bás Máiréad Ní Ċuire, as Foillmóir. in Ospidéal Naoṁ Áine, Caṫair Saiḃín ,tús na bliana.

Freagra ar Ḟear Feasa

RISTEÁRD Ó GLAISNE

Ní bhréagnóidh mé "Fearfeasa": is dona an scéal é, siúrálta, gan duine ar bith i Seanad Éireann anois a ghabhfadh air féin seasamh ar son na Gaeltachta ar shlí ar leith nuair is gá é sin. Idir "Cú Uladh," Pádraic Ó Máille agus "An Seabhac," fir as trí mhór-Ghaeltacht na tíre a tháinig go deas i ndiaidh a chéile go dtí an Seanad, bhí duine a labhródh go húdarásach ar an téad sin ann le fada anois. Agus bhí seans ag an Taoiseach, Seán Lemass, duine den tsórt sin a ainmniú arís. Faraoir ghéar, lig sé an seans thairis.

"Ní hé ná go bhfuil ardmheas ag gach duine ar an bhean uasal a ceapadh; bean uasal go bhfuil suíochán insan tSeanad tuillte aici, thar aon amhras," deir bhur gcomhfhreagróir polaitíochta. Ach, deir sé, "Cad chuige . . . nár tugadh cuir i gcás suíochán an Uasail Uí Mhaoldomhnaigh di, nuair a tháinig an suíochán sin folamh, agus go bhféadfaí go furasta ionadaí de Fhianna Fáil do thoghadh?" Ancheart.

Mar sin féin agus uile, is mór an bhreis ar an tSeanad Cáit Bean Uí Eachtheirn a bheith ann.

Tá an Ghaeilge aici, agus is aici atá deis a labhartha inti!—agus deis a scríofa chomh maith, bail ó Dhia uirthi.

"Nuair is dian ar an gcailleach caithfidh si rith, agus sin mar atá an scéal ag Sir Harold Wilson na laethanta seo," dúirt sí in alt a scríobh sí le déanaí, "ach níor chuma linn mórán é mura mbeadh go bhfuil an rith curtha orainne chomh maith." Anois, deir sí, "Sa choimhlint seo—'cath an Chúig-Déag faoin gCéad'—ba cheart do na mná a bheith chun tosaigh. Tá an t-armlón ina sparán acu."

"Is iontach," deir sí, "mar a sceitheann cuid de na tírghráthóirí orthu féin nuair a iarrann siad 'Scotch' agus beoir iasachta . . . Nuair a bhíonn an t-ól istigh bíonn an tírghrá amuigh. lán lán dár n-earraí féin. Ba liosta le háireamh iad, ach mholfainn an liosta sin a dhéanamh agus é a chur chuig gach teaghlach sa tír. Mholfainn an suaitheantas sofheicthe céanna a bheith ar gach earra a dhéantar sa tír seo. Ní ceart go mbeadh ar dhuine gnóthach deich nóiméad a chaitheamh á lorg . . ."

Anois, sin í an chaint a bhfuil bunús léi!

Ach ní haon dóichín í Cáit Uí Eachtheirn, an bhean chaol fhuinniúil seo as Baile an Bhuinneánaigh i gContae Chiarraí. Is stiúrthóir ar Chumann Forbairte an bhaile sin í ó bunaíodh an cumann. Cheap Erskine Childers do Bhord Fáilte í mí Mheithimh seo caite, agus deirtear go bhfuil sí riamh ó shin ag éileamh glaine agus sláintíocht sna tithe ósta go dian, gura maith an mhaise di é.

Ar ndóigh, is iomaí posta a bhí aici i gCumann Bhantracht na Tuaithe le blianta anuas—ba é an tUachtarán féin í, agus ba mhaith an t-uachtarán í. Agus is íontach an mhaitheas atá déanta ag an chumann chéanna i measc mná na tíre. Faoi láthair tá na ceannairí ag ullmhú do chruinniú a bhíonn ag Mná Tuaithe an Domhain gach tríú bliain agus a bheidh i mBaile Átha Cliath i mbliana. Ní nach íonadh, tá Cáit Bean Uí Eachtheirn, Seanadóir, chun tosaigh san obair.

Bóiṫre gan Tarr

Is iad ceantair an Daingean, Caṫair Saiḃín agus an Neidín na ceantair is mó a ḃfuil bóiṫre gan tarr orṫa, i gCiarraí—sin é adúraḋ ag cruinniú den Ċoṁairle Condae, nuair a ṫóg an tUasal Clifford an ċeist gur ċeart feaḃsú do ḋéanaṁ ar na bóiṫre seo, agus tarr do ċur orṫa. Ċaḃraiġ Seán Ó Lorcáin le molaḋ